# Preaseisiúint de chuid Aontas Fichille na hÉireann

# Cuairt Garry Kasparov Ar Éireann, Márta 28-30ú, 2014



I nDeireadh Fómhair 2013, d'fhógair Garry Kasparov go mbeadh sé ina iarrthóir ar Uachtaránacht FIDE (Fédération Internationale des échecs nó an Chónaidhm Dhomhanda Fichille). Tá sé ag beartú áit Kirsan Ilyumzhinov as Kalmykia, atá ina shealbhóir oifige le 18 mbliana, a ghlacadh sa toghchán a thionólfar i Lúnasa 2014 le linn Oilimpiad Fichille Tromsø. Chuige sin, is ábhar mórtais d'Aontas Fichille na hÉireann Garry Kasparov a óstáil ar an chuairt stairiúil dhá lá seo go hÉirinn ag tosú ar 28ú Márta.
Le linn chuairt Garry Kasparov díreofar ar bhualadh le toscairí as Éirinn agus as tíortha eile máguaird dá dtabharfaidh sé mionsonraí faoina chlár uachtaránachta chomh maith le héisteacht le ceisteanna a ardóidh toscairí a bhaineann lena dtíortha féin. Buailfidh sé fosta le daltaí scoile a imríonn ficheall agus beidh cruinniú ar leith ann le scoth imreoirí díograiseacha fichille na hÉireann.

Le linn a chuairte, casfar air páistí a imríonn ficheall ó Ghaelscoileanna as gach cearn de Chúige Laighean agus iad ag Comórtas Bliantúil Fichille Chúige Laighean a thionólfar i dTeach an Ard-Mhéara Dé hAoine, Márta 28. Le linn an chomórtais seo bronnfar gradam ar chuid de na réaltaí óga s'againn. Is iad seo foireann faoi 12 bl. Bernadette Stokes a thug an chraobh abhaile leo ó chomórtas bliantúil fichille na 4 Náisiún (Éire, Sasana, Albain & an Bhreatain Bheag) an samhradh seo caite; Daniel Dwyer, 8 bl. Curadh Mionúir Bhun Raite agus Admira Kecskemeti, 8 bl. Curadh fichille faoi 12 bl. Thuaisceart Éireann. Beidh Eamon Gilmore, Tánaiste, i láthair chomh maith le Dermot Lacey, Leas-Ard-Mhéara le hómós a thabhairt do pháistí a imríonn ficheall. Is i nGaeilge a bheas an ócáid ar fad agus táimid ag súil le cúpla focal Gaeilge ón Uas. Kasparov. An Ghaeilge agus an Rúisis an dá theanga a labhrófar i dTeach an Ard-Mhéara i rith na hócáide. Labhróidh Fiachra Scallan agus Daniel Dwyer i nGaeilge agus i Rúisis ar son na bpáistí. Buailfidh Sava Stoisavljevic, rúnaí ginearálta ECU le toscairí de chuid FIDE lena bpáirtíocht i bhficheall na hEorpa a phlé. Beidh Jan Callewaert (an Bheilg), uachtarán Fhondúireacht Fichille Kasparov agus iarrthóir mar Leas-Uachtarán i gcomhpháirt le Garry Kasparov, i láthair freisin.

**Buailfidh Garry Kasparov leis na meáin chlóite Dé hAoine agus tráthnóna Dé hAoine rachaidh sé go stiúideonna RTÉ le bheith ar an *Late Late Show*.**

Beidh sé gnóthach go luath Dé Sathairn le toscairí FIDE as Éirinn agus as tíortha máguaird. Tráthnóna Dé Sathairn tiocfaidh díograiseoirí na fichille as 32 contae le chéile, iad siúd a fuair cuireadh, in ionad i mBaile Átha Cliath.
Beidh an dinnear fleáchais ar siúl oíche Shathairn.

Le linn chuairt Garry Kasparov ar Bhaile Átha Cliath, beidh scata breá imreoirí fichille i gCorcaigh agus iad i mbun iomaíocht cláir agus foirne i gcomórtas ardchlú Chomhdháil Fichille Chorcaí. www.corkchess.com.

**Fís Garry Kasparov: "An fhicheall a ardú ó leibhéal an phobail; an cluiche a leathadh i réimse an oideachais mar chaighdeán cultúrtha chomh maith le bheith ina spórt rathúil tráchtála."**

Coinnigh súil ar shuíomh idirlín an ICU le haghaidh tuairiscí ar imeachtaí a bhaineann leis an chuairt ríthábhachtach ar Éirinn ó Mhárta 28ú-30ú ag Garry Kasparov, Curadh Clúiteach Domhanda Fichille .



**Le haghaidh cuireadh chuig an phreas-chomhdháil Dé hAoine, Márta 28ú nó le haghaidh agallamh le Garry Kasparov, déantar teagmháil le hÚna Ó Boyle oboyleuna@gmail.com, 087- 7964587. Maidir le gach eolas eile ar chuairt Garry Kasparov ar Bhaile Átha Cliath, déantar teagmháil le hÚna Ó Boyle trí na sonraí teagmhála thuas.**

Is é is **FIDE** ann ná eagras idirnáisiúnta a nascann na cónaidhmeanna fichille náisiúnta éagsúla ar fud an domhain agus a fheidhmíonn mar fhoras gobharnóireachta comórtais idirnáisiúnta fichille.

I 1999, thug Coiste Idirnáisiúnta na gCluichí Oilimpeacha (IOC) aitheantas do FIDE. Dhá bhliain ina dhiaidh sin, chuir sé rialacha frithdhrugaí IOC i bhfeidhm san fhicheall, mar chuid dá fheachtas go mbeadh an fhicheall mar chuid de na Cluichí Oilimpeacha.

# Irish Chess Union Press Release

# Garry Kasparov's

## visit to Ireland, March 28th-30th, 2014

## Ráitis de chuid Garry Kasparov:

"Ní féidir an creidmheas atá agam maidir le tacú le ficheall élite a cheistiú; ach caithfimid an dúshraith a thógáil nó ní bheidh rath ar an éilte".

"Ní hé amháin gurb é an t-oideachas todhchaí na fichille, is é an t-am i láthair é fosta. FIDE amháin atá aineolach air seo agus tá deiseanna ollmhóra do FIDE agus don fhicheall á ligean amú."

"Is ionann FIDE a bheith láidir agus cónaidhmeanna a bheith láidir agus ciallaíonn sé sin an tacaíocht airgeadais agus eagraíochtúil atá de dhíth orthu a fháil."

"Tá tóir fós ar an fhicheall ach tá an nasc idir urraitheoirí féideartha agus saol na fichille briste ar fad. Deiseoimidne é !"

" I gcás bunús gach cónaidhme tá grá na fichille ann ach níl an t-airgead ná an buneagar. Tá a fhios againne an bealach le hurraitheoirí a mhealladh agus eagrais a thógáil."

"Síos trí mo ghairmréim fichille, chuardaigh mé dúshláin nua chun íomhá na fichille a ardú agus a fheabhsú ar fud an domhain. Is ionann an misean s'agam agus mé ag iarraidh uachtaránacht FIDE, an chónaidhm idirnáisiúnta fichille, a bhaint amach. Déanfaidh mé féin agus m'fhoireann FIDE a athbheochan agus fócas againn ar fhreastal ar na cónaidhmeanna agus próifíl tráchtála na fichille a ardú ar bhonn domhanda. Rachaimid chun tosaigh leis an fhuinneamh agus an toil chun bua chéanna a bhí agam ag an chlár fichille."






# Kasparov2014.com

# Misean Garry Kasparov

Garry Kasparov: "Síos trí mo ghairmréim fichille, chuardaigh mé dúshláin nua chun íomhá na fichille a ardú agus a fheabhsú ar fud an domhain. Is ionann an misean s'agam agus mé ag iarraidh uachtaránacht FIDE, an chónaidhm idirnáisíunta fichille, a bhaint amach. Déanfaidh mé féin agus m'fhoireann FIDE a athbheochan agus fócas againn ar fhreastal ar na cónaidhmeanna agus próifíl tráchtála na fichille a ardú ar bhonn domhanda. Rachaimid chun tosaigh leis an fhuinneamh agus an toil chun bua chéanna a bhí agam ag an chlár fichille."

" Is mór an onóir dom foireann den scoth a bheith ar bord liom. Tá go leor de na baill a bhfuil a saol caite acu i mbun cúrsaí fichille agus níl amhras ná go bhfuil siad ar na daoine is mó a bhfuil taithí acu agus meas orthu sa spórt s'againn. Tháinig cuid eile isteach i saol na fichille leis an saineolas agus acmhainní ar éirigh go geal leo a ghnóthú i réimsí eile a roinnt linn. Is meascán den scoth é de pheirspictíochtaí, eolas agus paisean."

# Forógra Garry Kasparov

Eagras trédhearcach a bheas in FIDE a fhreastalóidh ar agus a thabharfaidh tacaíocht do chónaidhmeanna náisiúnta. Méadófar ar an chumarsáid agus ar an eolas a roinntear idir FIDE agus na cónaidhmeanna ionas go mbeidh an Rúnaíocht níos éifeachtaí agus níos sofhreagraí. Beidh comhsheasmhacht sna próisis tairisceana i leith imeachtaí FIDE.

- Beidh rath ar na cónaidhmeanna náisiúnta de réir mar a bheas rath ar FIDE. Ba chóir do FIDE riar ar a chomhaltaí in áit tacaíocht a fháil uathu.
- Táillí ballraíochta le laghdú faoi 50% láithreach.
- Laghdú 25% sa bhliain ar gach táille eile.

## Airgeadas FIDE:

- Buiséad FIDE a mhéadú faoi 100% sa dá bhliain atá romhainn trí urraíocht chorparáideach.
- Ioncam urraíocht tráchtála a mhéadú trí FIDE a atheagrú le cur chuige gairmiúil margaíochta a dhéanfaidh branda na fichille agus FIDE tarraingteach ag urraitheoirí, idir chorparáideach agus phoiblí.
- Córas uileghabhálach rátála agus seirbhísí ar líne a fhorbairt:
- Cuimseoidh córas uileghabhálach rátála gach cluiche fichille a imrítear ar domhan, ó chraobh an domhain go blitz ar líne. Feidhmeoidh sé mar thairseach a aontaíonn na milliúin imreoir agus déanfar acmhainn tharraingteach fógraíochta agus urraíochta di.
- Ní mór do FIDE bheith le leas an líon ollmhór imreoirí fichille, seachas freastal ar an élite amháin. Is féidir leis é sin a dhéanamh trí sheirbhísí a thairiscint do na cónaidhmeanna amhail nuacht agus oiliúint ar líne, ardán meáin shóisialta, tacaíocht dhíreach d'eagraitheoirí agus d'iriseoirí agus cúnamh a bhaineann le tiomsú airgid agus aimsiú urraíochta .

**An fhicheall in oideachas páistí:**

- An chéad ghlúin eile d'imreoirí fichille ar fud an domhain a fhorbairt trí chláir 'ficheall san oideachas' a chur ar bun agus chun cinn. Má áirítear an fhicheall sa churaclam scoile, tógfar dúshraith dhaingean lenár spórt a fhorbairt ar fud na cruinne.
- Cláir agus taighde a bhaineann leis an fhicheall san oideachas a chruthú agus a spreagadh ag gach grád agus do dhaoine fásta. Ba chóir an iomad buntáistí a bhaineann leis an fhicheall, go háirithe do pháistí óga agus do dhaltaí sinsearacha, a fhoilsiú agus a chur chun cinn.
- Léiríodh trí thaithí Fhondúireacht Fichille Kasparov, a bhfuil na milliúin dollar tiomsaithe aici do chláir 'ficheall san oideachas' ar fud an domhain, an tóir atá ar na cláir seo in institiúidí príobháideacha agus poiblí araon. Cuirfear an saineolas seo ar fáil do FIDE agus is é an chónaidhm idirnáisiúnta fichille a bheas ar thosach an tslua chun an fhicheall a thabhairt isteach i ngach aon seomra ranga.

**Rialúcháin FIDE a athbhreithniú le macántacht na fichille a chosaint:**

- Comhoibriú le himreoirí agus le heagraitheoirí ar fheidhmiú ciallmhar riail na neamhfhulaingthe leis an dínit agus an ghairmiúlacht a chaomhnú.
- Gníomhú láithreach chun bearta tréana frithchaimiléireachta a fhorbairt, a thriail agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear pionóis dhiana ar lucht briste rialacha.
- Rialacha frithchomhscór gearr a ghlacadh le macántacht an chluiche a chaomhnú agus íomhá na fichille mar spórt ar fiú níos mó d'aird na meán cumarsáide agus níos mó urraíocht tráchtála é.

Ní hé amháin gurb é an t-oideachas todhchaí na fichille, is é an t-am i láthair é fosta. FIDE amháin atá aineolach air seo agus tá deiseanna ollmhóra do FIDE agus don fhicheall á ligean amú



# Curadh Domhanda na Fichille agus Laoch Spóirt

# Garry Kasparov

Rugadh **Garik Kimovich Weinstein** ar an 13ú Aibreán 1963 i mBaku, an Asarbaiseáin. 13 an uimhir shona aige, dar leis, riamh anall! Fuair a athair bás agus é an-óg agus ina dhiaidh sin d'athraigh sé a shloinne go dtí leagan Rúiseach shloinne a mháthar. Ba as an Airméin í, Gasparyan a sloinne agus rinneadh Garry Kasparov de.

Ba é Mikhail Botvinnik, iar-Churadh Domhanda Fichille agus imreoir a síleann a lán go raibh sé ar na himreoirí is fearr riamh, duine de na chéad oiliúnóirí a bhí ag Garry. Ba é a d'fhorbair go leor modhanna oiliúna úrnua nach raibh a leithéid ann roimhe agus a thug an fhicheall go dtí leibhéil nua ghairmiúlachta, i réimse an ullmhúcháin ar aon nós. I 1976, agus gan é ach 13 bliana, bhuaigh Garry Craobh Shóisir na Sóivéadach, éacht iontach ag imreoir chomh hóg sin.

Ní raibh sé ach 15 bliana, an t-imreoir ab óige riamh, nuair a d'imir sé i gCraobh mhór na Sóivéadach atá ar dhianimeachtaí fichille an domhain. Ach is i 1979 a tharla an chéad éacht ollmhór i saol Garry nuair nach raibh sé ach 16 bliana agus gan mórán iomrá air san Iarthar. Tugadh cead dó imirt i gcomórtas mór idirnáisiúnta in Banja Luka, cuid den Iugslaiv san am sin. Tharla eachtra an-suntasach ansin nuair a d'imir sé i gcoinne leithéidí Tigran Petrosian, iar-Churadh Domhanda Fichille, agus 13 ardmháistir eile (ní raibh sé féin ina ardmháistir oifigiúil fós) agus a thug sé leis an chraobh le dhá phointe glan agus gan aon díomua le linn an chomórtais.

Bhí réalta nua ar an saol agus faoi 1980 bhí sé ina ardmháistir agus ina bhall d'fhoireann ardchumasach fichille an Aontais Shóivéadaigh. Faoi cheann cúpla bliain (1983) cháiligh sé le cluiche Chraobh an Domhain a imirt i gcoinne Anatoly Karpov, Curadh Domhanda Fichille na Linne. Ní raibh élite shaol na Fichille ar aon tuairim faoi cé aige a mbeadh an bua sa chluiche seo ach bhí "Pobal na Fichille" go mór i bhfabhar Garry a chonacthas mar bhuachaill báire ré nua na fichille!

Mar a tharla, saoránach cruthanta de chuid an Aontais Shóivéadaigh ab ea Anatoly Karpov agus bhí sé ina churadh domhanda ón bhliain 1975 nuair a dhiúltaigh Bobby Fischer, imreoir ardchlú, glacadh le téarmaí le himirt ina choinne. Chosain sé onóir an Aontais Shóivéadaigh trí bhua a bhreith ar Victor Korchno, iar-ardmháistir Sóivéadach a raibh de dhánacht ann cúl a thabhairt dóibh agus imeacht chun an Iarthair. Deirtear go minic nár thacaigh Aontas cumhachtach Fichille na Sóivéadach le Kasparov ina chuid iarrachtaí le bheith ina Churadh Domhanda Fichille óir dar leo, "Tá Curadh Domhanda Fichille Sóivéadach againn cheana. An bhfuil an dara curadh de dhíth orainn?"

Tar éis do cluiche Karpov vs Kasparov tosú, ní raibh ag éirí go maith le Kasparov i dtosach báire. Chaill sé an 3ú, 6ú, 7ú agus 9ú babhta agus bhí sé 4 babhta ar gcúl. Ag an phointe sin, ní raibh aon duine ag tabhairt seans dó. Ach léirigh sé an teacht aniar agus an toil chun bua a bhí ann trí chomhscór a dhéanamh de gach babhta idir an 10ú agus an 26ú. Nuair a chaill sé an 27ú babhta, áfach, ba chósúil go raibh sé ar an dé deiridh. Ach ní mar a shíltear a bhítear.

Mhothaigh sé go raibh Karpov ag éirí níos laige agus chuir daoine sonrú ann nuair a bhain Garry an 32ú babhta. Faoin am seo, bhí an choimhlint ag cur crua orthu beirt ach ba é Karpov ba mhó a bhí á léiriú. Ní nach ionadh nó ba é b'aosta.

Tháinig go leor comhscóir dianchoimhlinte ina dhiaidh sin ach nuair a bhuaigh Kasparov an 47ú agus 48ú babhta, chuir Florencio Campomanes, Uachtarán FIDE (Eagras Domhanda na Fichille) an comórtas ar fionraí agus d'fhógair go mbeadh cluiche nua ann, gan ann ach 24 babhta, i gceann cúpla mí. An dearcadh a bhí ag go leor daoine air seo go raibh Campomanes ag déanamh tarrtháil ar Anatoly Karpov, cara dá chuid. Dearcadh eile a bhí ag doaine go raibh sé ag déanamh tarrtháil ar an domhan ón iomaíocht is faide fichille i stair an Chraobhchomórtais Dhomhanda. Ach is cinnte gur mhian le Garry Kasparov leanúint ar aghiadh leis an chomórtas. Creidtear go forleathan go raibh spiorad Anatoly Karpov, a chaill 8kg le linn an chluiche, briste agus go gcaillfeadh sé an cluiche.

Bhain Garry Kasparov an athimirt i 1985 agus bhí sé ar an Churadh Dhomhanda Fichille ab óige riamh. Bhuaigh sé an 16ú babhta den chluiche agus dar lena lán imreoirí go bhfuil sé sin ar na babhtaí fichille ab fhearr dar imríodh riamh! www.youtube.com/watch?v=8a9gVFXieT0

Bhuaigh sé ar Karpov i dtrí chluiche Craobhchomórtas Domhanda Fichille arís i 1986, 1987 agus i 1990. Chloígh sé Nigel Short, ardmháistir Sasanach i 1993 i gcluiche eile Craobhchomórtas Domhanda Fichille agus Vishy Anand i 1995 ach ar deireadh thiar chaill sé craobh an domhain i 2000 i Londain nuair a bhuaigh an Ruiseach Vladamir Kramnik air. Tá clú ar Garry Kasparov freisin as cluiche 6 bhabhta a chailleadh, más ar éigean Dé, i gcoinne mór-ríomhaire IBM, "Deep Blue" i 1997, 3.5 - 2.5. Is minic a dhéantar dearmad go raibh an bua aige ar an ríomhaire céanna bliain roimhe sin le 4-2.

Dhiúltaigh IBM seans eile a thabhairt do Garry in éadan an Arrachta Sileacain agus d'fhág siad "Deep Blue" i leataobh go buan i ndiaidh an dara cluiche.

D'éirigh thar barr le Garry Kasparov mar imreoir cluiche agus, lena chois sin, bhí sé ar na himreoirí comórtais ab fhearr riamh. Tá níos mó "Sár-Chomórtas" buaite aige ná imreoir ar bith eile. D'éirigh sé as (agus é rangaithe mar uimh. 1 sa domhan fós) i 2005 agus níor imir sé ach cluichí taispeántais ó shin. Ní dócha go n-imreoidh sé cluiche eile fichille go garimiúil go deo arís.

Is é an tuairim atá ag bunús gach imreoir fichille dáiríre gurb é an t-imreoir is fearr riamh é. Mar sin féin, creideann go leor go bhfuil an Curadh reatha Domhanda (agus an fear a sháraigh curiarracht Kasparov mar an Churadh is óige riamh), an tIoruach Magnus Carlsen, ar tí a chruthú gurb é féin, amach anseo, an t-imreoir is fearr riamh. Beidh le feiceáil.